# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2012*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 6 Meitheamh 2012
Tráthnóna, 2.00 pm go 4.00 pm

| *Don Fheitheoir amháin* |
|---|
| Stampa an Ionaid |

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo: 

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO:

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.

*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá **ceithre** cheist ann, Ceist C1, Ceist C2,Ceist C3, agus Ceist C4. Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith eile.

| *Don Scrúdaitheoir amháin* | | | | | *Marc* |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán deireadh leathanaigh. | | | **Roinn A** | | |
| 2. Suim iomlán na gceisteanna dícheadaithe. | | | **Roinn B** | | |
| 3. An Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2). | | | **Roinn C** | C1 | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge. | | | | C2 | |
| 5. An Marc iomlán a bronnadh, má tá bónas don Ghaeilge san áireamh. (3 + 4) | | | | C3 | |
| 6. Creidiúint. | | | | C4 | |
| Nóta: Caithfidh an marc ar líne 3 a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Iomlán**. | | | **IOMLÁN** | | |

## *Roinn A* – **Triail Éisteachta** (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá **dhá** chuid sa tuarascáil seo.

- An chéad chasadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad.
- An dara casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar deis duit na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt.
- An tríú casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar deis duit na ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt.
- An ceathrú casadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad. Ba chóir duit freagra a thabhairt ansin ar Cheist 10, a léifear ar an taifeadadh.

| ***Is féidir an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**1.** (a) Cathain a fuair Áine amach go raibh sí ag iompar clainne? (1 mharc)

______________________________________________________________________

(b) Conas a mhothaigh sí nuair a fuair sí amach go raibh sí ag iompar clainne? (1 mharc)

______________________________________________________________________

(c) Cá fhad a bhí sí ag siúl amach leis an mbuachaill seo? (1 mharc)

______________________________________________________________________

**2.** Dar le hÁine cad ba chúis leis an bpiollaire frithghiniúnach a bheith gan mhaith? (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**3.** (a) Conas mar a bhí a tuismitheoirí nuair a fuair siad amach go raibh sí ag iompar clainne? (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(b) Cad a tharla nuair a chuaigh sí ar ais ar scoil? (1 mharc)

______________________________________________________________________

(c) Liostaigh **trí** dheacracht a bheidh ag Áine mar thuismitheoir. (3 mharc)

1. ______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________

3. ______________________________________________________________________

**4.** Cén fáth a ndeachaigh Áine agus Dean chun na cúirte? (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**5.** Cén ról atá ag an Oifigeach Leasa agus ag an Oifigeach Rochtana sa choláiste? (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na Ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**6.** (a) Conas a mhothaigh Darren nuair a d'inis Rachel dó go raibh sí ag iompar clainne? (1 mharc)

________________________________________________________________________

(b) Cad atá i gceist ag Darren nuair a deir sé *'d'éiríomar míchúramach agus chuamar sa seans'?* (2 mharc)

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**7.** (a) Cá ndeachaigh siad le haghaidh eolais? (1 mharc)

________________________________________________________________________

(b) Liostaigh **trí** rud a deir Darren faoi na gníomhaireachtaí comhairleoireachta. (3 mharc)

1. _____________________________________________________________________
2. _____________________________________________________________________
3. _____________________________________________________________________

**8.** (a) Conas a mhothaigh tuismitheoirí Rachel faoi Darren ar dtús? (1 mharc)

________________________________________________________________________

(b) Cén fáth ar athraigh siad a n-intinn faoi? (1 mharc)

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**9.** (a) Déan cur síos ar an **dá** shlí a bhféadfadh Darren a bheith ina chaomhnóir dleathach ag a iníon. (3 mharc)

1. _____________________________________________________________________

________________________________________________________________________

2. _____________________________________________________________________

________________________________________________________________________

(b) Cad a bhíonn le déanamh ag roinnt aithreacha chun cead rochtana a bheith acu ar a leanaí? (1 mharc)

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

(c) Liostaigh **trí** rud is féidir le cairde Darren a dhéanamh nach féidir leis féin a dhéanamh faoi láthair. (3 mharc)

1. _____________________________________________________________________
2. _____________________________________________________________________
3. _____________________________________________________________________

**Nuair a bheidh an taifeadadh cloiste agat den tríú huair, freagair Ceist 10 a léifear ar an taifeadadh. Ba chóir do chuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh agus / nó ar do chuid eolais féin.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an taifeadadh. (4 mharc)

Is féidir an spás seo a úsáid chun an cheist a scríobh síos.

______________________________

______________________________

______________________________

Freagair an cheist sa spas thíos, le do thoil.

1. ______________________________

______________________________

Mínigh: ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

Mínigh: ______________________________

______________________________

## *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 Marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** gCEIST AS **15**

Tá 2 mharc ag gabháil le gach ceist.

Cuir tic ✓ sa bhosca ceart i ngach ceist.

**1.** Bhí an lucht siúil a chónaíonn ar an suíomh seo ag déanamh agóide




- mar diúltaíodh cead pleanála dóibh chun tithe buana a thógáil ☐
- mar bhí siad i gcoinne mótarbhealach nua a thógáil in aice leis an suíomh ☐
- mar bhí an t-údarás áitiúil ag iarraidh iad a chur amach ☐


**2.** Is é an acmhainn is fearr le staidéar a dhéanamh ar an daonra i do cheantar le céad bliain anuas ná

Nuachtáin áitiúla ☐ Tuairiscí an daonáirimh ☐ Léarscáileanna na suirbhéireachta ordanáis ☐

**3.** Féadann gach Saoránach Éireannach in Éirinn idir 18 agus 65 bliain d'aois glaoch a fháil chun dualgas giúiré a dhéanamh. Má theipeann ar dhuine freastal gan leithscéal réasúnta gearrfar pionós trí


Fíneálacha agus téarmaí príosúin ☐ Téarmaí príosúin ☐ Fíneálacha ☐

**4.** Cén cineál tionscail a bhfuil an fheirmeoireacht agus an iascaireacht ina samplaí de?




Tionscal príomhúil ☐ Tionscal tánaisteach ☐ Tionscal seirbhíse ☐

**5.** Is é an córas vótála a úsáidtear i dtoghcháin in Éirinn ná




Rialú an tromlaigh ☐ An chéad duine abhaile ☐ Ionadaíocht chionmhar ☐

**6.** In Éirinn tá ionchas saoil na bhfear níos mó ná ionchas saoil na mban.



Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Cé acu ceann de cineálacha árachais seo a leanas atá riachtanach de réir dlí?

Árachas tí<br>le haghaidh úinéirí tí ☐ Árachas cairr<br>le haghaidh tiománaithe ☐ Árachas saoire<br>le haghaidh turasóirí ☐

**8** Cén duine díobh seo a leanas **nach raibh** ina hiarrthóir sa toghchán uachtaránachta is déanaí?



Mary Davis ☐



Dana Rosemary Scanlon ☐




Mary Hanafin ☐

**9.** Nuair a thugann údarás áitiúil cead pleanála ní féidir achomharc a dhéanamh ina aghaidh.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**10.** De réir an ghraif, déarfaí go bhfuil duine atá 1.80 méadar ar airde agus a mheánn 100 cileagram




I gCeart ☐ Róthrom ☐ Murtallach ☐

**11.** Saghas coigilteas stáit iad na Duaisbhannaí a thugann do chustaiméirí

Duaisbhannaí
Coigilteas Stáit

deis le duaiseanna saor ó cháin a bhuachan gach seachtain ☐

toradh 10% ar a n-infheistíocht tar éis trí bliana ☐

toradh comhlán 15% ar a n-infheistíocht tar éis 4 bliana ☐

**12.** Tá duine i dteideal liúntas cíosa a fháil

má bhíonn cónaí air/uirthi i lóistín príobháideach ar cíos ach é /í gan a bheith ábalta an cíos a íoc ☐

má bhíonn cónaí air/uirthi i dteach de chuid an údaráis áitiúil ☐

má bhíonn lóistín príobháideach ar cíos aige/aici tar éis diúltú do theach de chuid an údaráis áitiúil a tairgeadh dó/di ☐

**13.** Cé acu ceann de na seirbhísí seo a leanas a chuirtear ar fáil leis an mbaincéireacht idirlín ar líne?

ceannach earraí ☐

aistarraingt airgid ☐

aistriú airgid go cuntas bainc eile ☐

**14.** Faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, d'fhéadfaí tréimhse phríosúin suas le trí bliana a chur ar aon duine a chiontaítear athuair as cannabas a bheith ina sheilbh aige lena úsáid go pearsanta.



Fíor ☐ Bréagach ☐

**15.** Chun colscaradh a fháil in Éirinn ní mór do na páirtithe a bheith ina gcónaí ar leithligh óna chéile



trí bliana as na ceithre bliana roimhe sin ☐

ceithre bliana as na cúig bliana roimhe sin ☐

sé bliana as an deich mbliana roimhe sin ☐

## *Roinn C* (45 marc)

FREAGAIR TRÍ CHEIST.

Caithfidh tú **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as C2, C3 agus C4.

### Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte (15 marc)

**1.**

**MARAÍONN AILSE SCAMHÓG NÍOS MÓ DAOINE ANOIS NÁ AILSE CHÍCHE**

Maraíonn ailse scamhóg níos mó daoine anois ná ailse chíche dar le tuarascáil ón gClárlann Náisiúnta Ailse in Éirinn. Is é an rud is uafásaí faoin scéal seo ná gur féidir ailse scamhóg a chosc go hiomlán nach mór. D'éiligh an tuarascáil seo go ndéanfaí iarrachtaí as an nua dul i ngleic le húsáid tobac. Is fíor go bhfuil céimeanna móra tugtha againn anseo in Éirinn sa chogadh i gcoinne an tobac, mar shampla an cosc ar an gcaitheamh tobac san áit oibre agus bearta mar é, ach tá dúshlán ann fós. Cé go bhfuil na rátaí tar éis laghdú, tá thart ar fiche a chúig faoin gcéad de mhuintir na hÉireann fós ag caitheamh tobac. Is é an dúshlán is mó ná conas daoine óga a stopadh den nós a chothú go luath ina saol. Tá na rátaí caithimh is airde i measc na n-aosach óg idir cúig bliana is fiche agus ceithre bliana is tríocha d'aois. Thaispeáin suirbhé SLÁN a rinneadh le blianta beaga anuas go bhfuil na rátaí caithimh i measc na gcailíní idir cúig bliana déag agus seacht mbliana déag d'aois suas lena hocht faoin gcéad níos airde ná an ráta i measc na mbuachaillí san aoisghrúpa céanna.

(a) *'Is féidir ailse scamhóg a chosc go hiomlán nach mór.'* Mínigh cad is brí leis sin. (1 mharc)

________________________________________

________________________________________

(b) Seachas an cosc ar an gcaitheamh tobac san áit oibre, déan cur síos ar **dhá** bheart eile a rinne an rialtas sa chogadh i gcoinne an tobac. (2 mharc)

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________

(c) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfaí daoine óga a stopadh de nós an chaithimh a chothú go luath ina saol. (2 mharc)

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________

**2.**



(a) An gceapann tú go bhfuil na daoine óga sa phictiúr ag déileáil go dearfach leis an gcoimhlint? Mínigh. (1 mharc)

Tá ☐ Níl ☐

Mínigh: ______________________________________________

______________________________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** shlí a bhféadfadh duine óg déileáil go dearfach le coimhlint. (2 mharc)


1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**3.** Beidh fadhbanna éagsúla agus dúshláin éagsúla sa saol.




(a) Luaigh fadhb a d'fhéadfadh a bheith ag duine ina s(h)aol. Ainmnigh eagraíocht a chuireann cabhair ar fáil do dhuine a bhfuil an fhadhb seo aige/aici. (1 mharc)

Fadhb: ______________________ Eagraíocht: ______________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** chineál cabhrach a chuireann an eagraíocht sin ar fáil. (2 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**4.**

**Oibríonn Ciara i siopa sceallóg áitiúil ag an deireadh seachtaine. Beidh sí ag déanamh na hArdteistiméireachta an bhliain seo chugainn. Cuireann a pá airgead póca ar fáil di le haghaidh éadaí agus creidmheas fóin. Le roinnt deirí seachtaine anuas bhí an bainisteoir nua ag tagairt dá cuid éadaí agus don chuma aibí atá uirthi. Ní hé sin amháin é, ach is é an chaoi a bhféachann sé uirthi agus an chaoi a n-éiríonn leis seasamh róghar di i gcónaí a fhágann trína chéile í. Teastaíonn go géar ó Chiara go gcuirfí stop leis seo ach níl a fhios aici cad ba chóir di a dhéanamh. Ceapann gach duine eile gur duine iontach an bainisteoir nua.**

(a) Cén fáth a bhfuil Ciara trína chéile? (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

(b) Luaigh **dhá** rud ba chóir do Chiara a dhéanamh le déileáil leis an gcás seo. (2 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**5.** Ainmnigh eagraíocht a oibríonn le cearta daoine in Éirinn a chosaint. (1 mharc)

______________________________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEIST AS NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

**Ceist C2: Mo Phobal** (15 marc)

**1.**

***Difríocht Tuairimí Faoin Druileáil atá Beartaithe***

*Ag cruinniú den phobal le déanaí dúirt Teresa Flanagan, cathaoirleach na gcónaitheoirí buartha, go bhféadfadh an druileáil le haghaidh gáis atá beartaithe a bheith ina cúis le roinnt fadhbanna i gceantar Ghleanntán na Sionainne. Dúirt sí go mbeadh an méadú ar an trácht mar gheall ar leoraithe troma ar an mbóthar ina chúis le truailliú fothraim agus le brú tráchta ar an gCuarbhóthar atá gnóthach cheana féin. Beidh tionchar ag an damáiste feiceálach ar an turasóireacht sa cheantar agus ar phoist san earnáil seo.*

*Bhí dearcadh eile ag an méara, an fear gnó áitiúil, Fergal Hennessy. Dúirt sé go raibh sé dochreidte in aois seo an chúlaithe eacnamaíochta go ndiúltódh duine meabhrach ar bith do thionscadal dá leithéid. Chuirfeadh an Chuideachta Dhruileála Excel poist ar fáil agus bhí géarghá leo sa cheantar. Chabhródh sé sin le roinnt mhaith daoine óga a choimeád sa bhaile.*

*Chuir Timmy Doyle, ionadaí an phobail feirmeoireachta, in iúl go bhfuil eagla orthu siúd go mbeadh truailliú uisce ann mar gheall ar an druileáil sa cheantar. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don ithir mórthimpeall agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le truailliú aeir, rud a rachadh i bhfeidhm ar an bhfostaíocht in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na turasóireachta. Go dtí gur féidir a chruthú nach ndéanfaidh an druileáil le haghaidh gáis damáiste don timpeallacht ná damáiste sóisialta is go cúramach ba chóir leanúint ar aghaidh.*

(a) Cén aige a bhfuil an dearcadh a n-aontaíonn tú leis? Tabhair **dhá** chúis. (2 mharc)

Teresa Flanagan ☐ Fergal Hennessy ☐ Timmy Doyle ☐ (Cuir tic ✓ le do rogha)

Cúis 1: ______________________________

______________________________

Cúis 2: ______________________________

______________________________

(b) Ainmnigh comhlacht rialtais **amháin** a bhfuil baint aige leis an tionscadal seo. (1 mharc)

______________________________

**2.** (a) Luaigh **dhá** rud a insíonn na pictiúir seo dúinn faoin saol in Éirinn san am atá thart. (2 mharc)





1.______________________________

2. ______________________________

(b) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi do cheantar san am atá thart? Tabhair **dhá** chúis. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**3.**




(a) Is féidir leis na baill de leabharlann leabhair a thógáil amach ar iasacht ar feadh tréimhse socraithe ama. Ainmnigh **dhá** sheirbhís eile a chuireann leabharlanna poiblí ar fáil. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) Bíonn údaráis áitiúla freagrach as leabharlanna poiblí a chur ar fáil. Ainmnigh **dhá** sheirbhís eile a chuireann na húdaráis áitiúla ar fáil i do cheantar. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

**4.**



*Chuir cuairt na Banríona Eilíse agus cuairt an Uachtaráin Obama borradh luachmhar faoi thionscal na turasóireachta in Éirinn.* Ainmnigh acmhainn nádúrtha/stairiúil **amháin** agus áis/saoráid **amháin** a chuireann do cheantar ar fáil do thurasóirí. (2 mharc)

Acmhainn nádúrtha/stairiúil: ______________________________

Áis/Saoráid: ______________________________

**5.** Déan cur síos ar **dhá** shlí a bhféadfá do thimpeallacht áitiúil a chosaint. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________




## Ceist C3: Saincheisteanna Comhaimseartha (15 marc)

**1.**

**COSTAS AN TOSTA**

Ar dtús tháinig siad faoi choinne na gcumannach,
agus níor labhair mé amach
mar nár chumannach mé;
Ansin tháinig siad faoi choinne na sóisialaithe,
agus níor labhair mé amach
mar nár shóisialaí mé;
Ansin tháinig siad faoi choinne na gceardchumannaithe,
agus níor labhair mé amach
mar nár cheardchumannaí mé;
Ansin tháinig siad faoi choinne na nGiúdach,
agus níor labhair mé amach
mar nár Ghiúdach mé;
Ansin tháinig siad faoi mo choinnese
agus ní raibh aon duine fágtha
le labhairt amach ar mo shonsa.

Pastor Martin Nielmoller



(a) De réir an ráitis seo, cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go labhródh daoine amach faoin éagóir? (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

(b) Ainmnigh eagraíocht a oibríonn le cearta daonna a chosaint ar fud an domhain. (1 mharc)

______________________________________________

(c) Tabhair breac-chuntas ar an obair a dhéanann an eagraíocht seo. (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**2.**



**Gach oíche bíonn doirse na n-oifigí i lár na gcathracha agus tairseacha na n-eaglaisí in úsáid ag daoine a chodlaíonn amuigh.**

(a) Seachas an ceart chun dídine, ainmnigh ceart **amháin** a shéantar ar dhaoine gan dídean. (1 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(b) Liostaigh **dhá** shlí a bhféadfadh daoine óga atá gan dídean a bheith i gcontúirt. (2 mharc)

1. ______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________

**3.**

**FEIGHLÍ LEANAÍ AG TEASTÁIL**
BEAN ÓG SPREAGÚIL AG TEASTÁIL CHUN AIRE
A THABHAIRT DO BHEIRT PHÁISTÍ
INA dTEACH FÉIN
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA DEN SCOTH
FÁILTE ROIMH MHNÁ AMHÁIN

(a) Deir na hAchtanna Chomhionannas Fostaíochta (1998-2008) go bhfuil naoi gcúis ann nach féidir leatrom a dhéanamh ar dhaoine. Ainmnigh **dhá** chineál leatroime. (2 mharc)

1. ______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________

(b) Luaigh cúis **amháin** leis an leatrom agus leis an gclaontacht sa tsochaí. (1 mharc)

______________________________________________________________________

**4.** (a) Is comhrialtas é rialtas na hÉireann faoi láthair. Mínigh cad is brí le comhrialtas. (1 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chéim a thug an rialtas le déileáil leis an ngéarchéim eacnamaíochta atá ann faoi láthair. (2 mharc)

1. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**5.** '*Faoin gCóras Dlí agus Cirt in Éirinn meastar go mbíonn duine neamhchiontach go dtí go gcruthaítear ciontach é.*' Mínigh cad is brí leis sin. (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

## Ceist C4: Ag dul i mbun Dualgais (15 mharc)

**1.** (a) Roghnaigh ceann **amháin** de na hinstitiúidí airgeadais a luaitear thíos. (Cuir tic ✓ le do rogha)



☐ **V** ☐

Comhar Creidmheasa

Tabhair **dhá** chúis a roghnódh duine óg déileáil leis an institiúid airgeadais sin seachas leis an gceann eile. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

(b) *'Is ceacht tábhachtach saoil é a mhúineadh do do pháiste an luach a bhaineann leis an gcoigilteas.'*
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach airgead a choigilt. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**2**

***A THIONÓNTAÍ, BÍODH BHUR gCEARTA AR EOLAS AGAIBH***

I mí Mheán Fómhair seo chugainn beidh raon leathan mac léinn ag lorg lóistín. Ceapaimid go bhfuil sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi bhur gcearta agus bhur dteidlíochtaí mar thionóntaí. Féadann sé a bheith deacair áit a fháil a thaitníonn leat agus ar féidir leat íoc as. Sula dtéann sibh ag cuardach lóistín bíodh tuairim shoiléir agaibh faoin rud ar chóir a bheith ag faire amach dó. Cuireann na hIonaid Eolais do Shaoránaigh bileoga ar fáil ina bhfuil comhairle, mioneolas faoi chomhaontaithe tionóntachta, chomh maith le heolas faoi conas gearán a dhéanamh faoi thiarnaí talún. Tá sé ag teacht chun solais go bhfuil faillí na dtiarnaí talún in aisíoc éarlaisí ar cheann de na fadhbanna is mó atá ag tionóntaí. Chaill tionóntaí éarlaisí, suas le €700 uaireanta, cionn is nach raibh siad cinnte conas cás dlí a thabhairt in aghaidh a dtiarna talún.

(a) Ainmnigh áit **amháin** a bhféadfadh duine eolas a fháil faoi lóistín ar cíos. (1 mharc)

______________________________

(b) Luaigh **dhá** rud ar chóir do dhuine atá le bheith ina thionónta faire amach dóibh nuair a bhíonn sé ag breathnú ar lóistín. (2 mharc)

1. ______________________________
2. ______________________________

(c) Seachas na hIonaid Eolais do Shaoránaigh, ainmnigh eagraíocht **amháin** eile a bhféadfadh tionóntaí dul i dteagmháil léi chun gearán a dhéanamh faoi thiarna talún. (1 mharc)

______________________________


**3.** Tá na MÍLTE teaghlach atá go mór faoi bhrú ag tarraingt carn mór fiach orthu féin, agus tá na fiacha ag méadú i rith an ama, mar gheall air go bhfuil siad ag fáil iasachtaí ó iasachtóirí airgid, ceadúnaithe agus neamhcheadúnaithe. Tá siad á dhéanamh mar ní féidir leo íoc as earraí bunúsacha mar bhia agus bhillí fóntais. Is éard is brí le hiasachtú airgid ná cleachtas ina dtugtar iasachtaí airgid nó ina gcuirtear earraí nó seirbhísí ar fáil a aisíoctar in imeacht tréimhse ghairid ama. Ní áirítear bainc, cumainn foirgníochta, comhlachtaí árachais ná comhair chreidmheasa mar iasachtóirí airgid. Is daoine aonair nó comhlachtaí iad de ghnáth na hiasachtóiri airgid a bhfuil iasachtaí airgid mar phríomhghnó acu.

Liostaigh **dhá** fhadhb a bhaineann le hairgead a fháil ar iasacht ó iasachtóirí. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

**4.** (a) Roghnaigh ceann amháin de na billí teaghlaigh seo a leanas. Déan cur síos ar mhodh íocaíochta **amháin** a éascaíonn íocaíocht an bhille teaghlaigh seo do dhaoine. (2 mharc)




Bille: ______________________________

Modh Íocaíochta: ______________________________

______________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** shlí a bhféadfadh duine fanacht glan ar na fiacha. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**5**. Roghnaigh ceann **amháin** de na cineálacha árachais thíos agus déan cur síos air. (1 mharc)

(Cuir tic ✓ le do rogha)




Árachas Saoil ☐




Árachas Sláinte Eorpach E1 11 ☐




Árachas Sláinte Príobháideach ☐

______________________________

______________________________

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán